

Bláithín agus a Muintir

Bhí cailín beag ann, uair amháin, agus is é ainm a bhí uirthi ná Bláithín. Bhí sí ina cónaí i dteach mór ard i lár na cathrach, í féin agus a hathair agus a máthair agus a beirt deartháireacha. Seán agus Micheál na hainmneacha a bhí ar na deartháireacha, agus b'óige iad ná Bláithín.


Bean an-deas ba ea an mháthair. Dá bhféadfadh cailín beag máthair a thoghadh di féin is í a leithéid a thoghfadh sí. Bhí sí gealgháireach gleoite, agus ní raibh aon ní ab fhearr léi ná a bheith ag súgradh agus ag spórt leis na leanaí gach oíche sula rachaidís a chodladh.

Bhí seomra an-deas ag na leanaí. É lán de bhréagáin agus de leabhair a raibh pictiúir dheasa iontu. Bhí trí leaba ann, agus bhíodh lampa beag ar lasadh os cionn gach leaba san oíche.

Bean an-cháiréiseach ba ea an mháthair, agus

níorbh fholáir léi banaltra a bheith aici chun aire a thabhairt dá clann, ach toisc gan airgead a dóthain a bheith aici chun cailín a dhíol is madra a bhí mar bhanaltra aici. Madra mór ó Thalamh an Éisc! Nana a thugtaí uirthi faoi mar a thugtar ar gach aon bhanaltra, agus is i seomra na leanaí a chodail sí san oíche i dtreo is go bhféadfadh sí súil a choimeád orthu i gcónaí.

Togha banaltra ba ea í. Is í a níodh na leanaí, agus a chuireadh a gcuid éadaí orthu. Is í a fhéachadh chuige go dtéidís a chodladh in am maith gach aon oíche, agus go n-éirídís go moch ar maidin. Agus deirimse leat nach gcuirfeadh sí suas le haon rógaireacht. Thugadh sí deochanna leighis dóibh nuair a bhídís breoite. Bheireadh sí léi ar scoil gach maidin iad, agus thugadh sí scáth fearthainne léi ina béal nuair ba dhóigh léi go mbeadh



báisteach air.

Bhí na leanaí an-cheanúil ar Nana, agus is minic a bhíodh spórt agus rí-rá acu féin agus Nana lena chéile. Ach ní raibh an t-athair buíoch di in aon chor. Cheapadh seisean gurbh ait leis na comharsana madra a bheith acu mar bhanaltra. Dá bhrí sin, ní ligtí do Nana í féin a thaispeáint nuair a thagadh aon duine ar cuairt chun an tí. Is í an cailín aimsire a d'osclaíodh an doras do na cuairteoirí. Eilís ab ainm don chailín aimsire, agus cailín beag bídeach ba ea í.

Nuair a bhíodh deireadh le hobair na scoile bhíodh na leanaí ag súgradh agus ag imirt cluichí lena chéile. Ní raibh aon chluiche ab fhearr leo ná 'Tír na Deo'.

Is amhlaidh a ligidís orthu oileán a bheith acu ar a dtugaidís Tír na Deo. Oileán breá álainn ba ea é, agus é lán d'áiteanna deasa agus de dhaoine iontacha. Ní furasta cuntas cruinn a thabhairt ar oileán dá leithéid, mar nach iad na nithe céanna a bhíonn ann aon dá lá i ndiaidh a chéile. Tagann athrú air, de réir

mar is mian leis an té ar leis é. Lá amháin bíonn sé lán de mhná sí agus d'abhaic agus de leipreacháin. Agus lá eile bíonn fathaigh i gcaisleán ann agus prionsaí óga á n-ionsaí. Agus is é an prionsa is óige de thriúr deartháireacha a bhuann ar an namhaid i gcónaí. Uaireanta eile bíonn pluais ag gadaithe ann agus seanbhothán ina mbíonn badhbh ag déanamh draíochta. Agus bíonn foghlaithe mara ann, agus a lán sórt loingis acu. Níl aon teorainn lena mbíonn de nithe iontacha i dTír na Deo.

Maidin amháin nuair a tháinig an mháthair isteach i seomra na leanaí chonaic sí roinnt bileog ar an urlár in aice na fuinneoige. Phioc sí suas iad agus d'fhéach sí orthu. Bileoga crainn a bhí iontu, ach níor fhéad sí a dhéanamh amach cad é an saghas crainn é.

'Cad é an sórt bileog iad seo?' ar sise le Bláithín.


D'fhéach Bláithín ar na bileoga agus gháir sí.

'Peadairín a thug isteach anseo ar a bhróga iad,' ar sise. 'Is dána an garsún é. Níor ghlan sé a bhróga

agus é ag teacht isteach. Ní ghlanann choíche.'

'Cé hé Peadairín?' arsa an mháthair.

'Garsún é a thagann anseo san oíche nuair a bhímid inár gcodladh, agus bíonn sé ag déanamh ceoil ar a phíb dúinn.'



'Ach conas a thiocfaidh sé isteach i ngan fhios d'aon duine?'

'Tagann sé an fhuinneog isteach.'

'Bíodh ciall agat, a mhaoinín. Tá an fhuinneog

ró-ard. Ní fhéadfadh aon duine teacht isteach ar an gcuma sin.'

'Nach in aice na fuinneoige a fuair tú na bileoga?'

B'ait leis an máthair é mar scéal, ach cheap sí gur taibhreamh a bhí á dhéanamh do Bhláithín. Mar sin féin chuardaigh sí an seomra go maith ar eagla aon duine a bheith i bhfolach in aon áit ann. Ní raibh duine ar bith ann.

Nuair a d'inis sí an scéal don athair ní thabharfadh sé aon éisteacht di.

'Raiméis éigin é seo atá curtha isteach ina ceann ag Nana,' ar seisean. 'Níl aon chiall ag an madra sin.'

Tráthnóna an lae sin bhí an mháthair ina suí cois tine i seomra na leanaí agus í ag fuáil. Bhí Nana imithe amach agus bhí sí féin tar éis na leanaí a ní agus iad a chur a chodladh. Chan sí suantraí dóibh agus níorbh fhada go raibh siad ina gcodladh go sámh. Las sí na trí lampa bheaga a bhíodh ar lasadh

os cionn na leapa san oíche agus chuaigh gach aon ní chun suaimhnis. Bhí an áit chomh ciúin sin gur ghairid gur thit sí féin ina codladh.

Agus cad a déarfá ná gur oscail an fhuinneog uaithi féin amach agus gur léim garsún isteach. Garsún gleoite ba ea é agus bileoga na gcrann mar éadach air. Nuair a chonaic sé an bhean ina suí ansiúd chuir sé púic air féin. Dhúisigh sise de phreab agus d'aithin láithreach – níl a fhios agamsa conas – ach d'aithin sí láithreach gurbh é Peadairín a bhí ann.

